# 1 Toradh airgeadais an Státchiste don bhliain 2019

**1.1** Íoctar gach ioncam de chuid an Stáit isteach i bPríomh-Chiste an Státchiste mura socraítear a mhalairt de réir dlí.[1] Áirítear go príomha i bhfáltais an Phríomh-Chiste ioncaim chánach agus fáltais ó iasachtaí a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Stáit. Úsáidtear eisiúintí ón bPríomh-Chiste go príomha chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú, agus chun fiachas Stáit a sheirbhísiú agus a íoc ar ais.

**1.2** Sna Cuntais Airgeadais bhliantúla, cuirtear i láthair na fáltais isteach sa Phríomh-Chiste agus na heisiúintí amach as, mar aon le sonraí a bhaineann le hiasachtaí GBCN agus faisnéis faoi dhliteanais agus sócmhainní áirithe an Stáit.[2] Tá achoimre le fáil sa tuarascáil seo ar na hidirbhearta sa Phríomh-Chiste agus tarraingítear aird ar roinnt príomhthreochtaí. De bhrí nach gcuimsítear clár comhardaithe sna Cuntais Airgeadais, soláthraítear sa tuarascáil seo freisin achoimre ar phríomhshócmhainní agus ar phríomhdhliteanais, an fiachas náisiúnta san áireamh

- ar íocaíochtaí atá dlite amach anseo i ndáil le socruithe comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPPanna), nach bhfuil an luach a bhaineann leo curtha san áireamh i bhfiachas ginearálta rialtais.

## Trédhearcacht fhioscach

**1.3** Is féidir trédhearcacht a bhaint amach trí fhaisnéis chuimsitheach, thráthúil, iontaofa agus inchomparáide faoi fheidhmíocht fhioscach agus staid airgeadais an Stáit a fhoilsiú. Cé go gcuirtear roinnt mhaith sonraí ar fáil i rith na bliana i roinnt foilseachán a chuirtear i dtoll a chéile ag eatraimh éagsúla i rith na bliana, d'fhéadfaí trédhearcacht fhioscach a fheabhsú dá mbeadh an fhaisnéis ábhartha ar fad bailithe le chéile i dtuarascáil bhliantúil aonair airgeadais.

**1.4** Ullmhaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí airgeadais bliantúla agus ráithiúla rialtais. Áirítear sna foilseacháin seo ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ráiteas ar ghlanfhiúchas rialtais. Tá achoimre de na staitisticí seo leagtha amach le chéile in Iarscríbhinn 1A.

**1.5** Foilsíonn an Roinn Airgeadais monatóir fioscach agus ráitis maidir le sonraí fioscacha ag deireadh gach mí ina soláthraítear faisnéis maidir le hioncam agus caiteachas Státchiste agus ginearálta rialtais. Chomh maith leis sin, cuireann an Roinn tuarascáil bhliantúil i dtoll a chéile ina ndéantar anailís ar fhiachas poiblí na hÉireann[3] agus nuashonrú bliantúil faoi dhliteanais theagmhasacha an rialtais (CPPanna san áireamh).[4] Ar leithligh, foilsíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faisnéis achomair maidir le caiteachas agus gealltanais CPP go bliantúil.

**1.6** Soláthraítear in Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.1 léargas ar na príomhfhoilseacháin fhioscacha a eisítear gach bliain.

1 Áirítear in ioncam Stáit nach n-íoctar go díreach isteach sa Phríomh-Chiste, mar shampla, fáltais ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa, a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

2 Ní airbheartaítear gur ráiteas airgeadais cuimsitheach don Stát, dá shócmhainní agus dliteanais, iad na Cuntais Airgeadais. Meastar gurb ionann na Cuntais Airgeadais agus thart ar 75% d'ioncam agus caiteachas iomlán rialtais.

3 Tá tuarascáil 2019 maidir le fiachas poiblí le fáil ag www.gov.ie/en/publication/d45694-annual-report-on-public-debt-in-ireland-2019


4 Tá nuashonrú Nollaig 2019 le fáil ag www.gov.ie/en/publication/f7301b-fiscal-data-contingent-liabilities-update-december-2019

## Treochtaí fioscacha

**1.7** In 2019, bhí barrachas Státchiste de €647 milliún ann. I gcomparáid leis sin, bhí barrachas €99 milliún ann in 2018 (féach ar Fhíor 1.1). An **iarmhéid Státchiste** a thugtar ar sheasamh glanbharrachais nó glan-easnaimh an Phríomh-Chiste (i.e. barrachas nó easnamh fháltais an Phríomh-Chiste thar eisiúintí, seachas iasachtaíocht).

**1.8** Is slat tomhais níos leithne é an **iarmhéid ginearálta rialtais** ná iarmhéid an Státchiste. Tomhaiseann sé feidhmíocht fhioscach earnáil ghinearálta an rialtais, agus is ionann é agus an tagarmharc caighdeánach a úsáidtear chun críocha comparáide ar fud an Aontais Eorpaigh.[1] I bhformhór na mblianta, déanann an iarmhéid ginearálta rialtais dlúthrianú ar iarmhéid an Státchiste (féach ar Fhíor 1.1). Cé is moite den sainmhíniú níos leithne ar earnáil ghinearálta an rialtais, baineann na difríochtaí idir na slata tomhais go príomha le héagsúlachtaí i modhanna cuntasaíochta. In 2019, bhí barrachas (€1.42 billiún) luaite le hiarmhéid ginearálta rialtais na hÉireann don dara bliain as a chéile (barrachas de €445 milliún in 2018).[2]

**Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí Príomh-Chiste, agus iarmhéideanna Státchiste agus ginearálta rialtais, 2009 go dtí 2019**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2009 go dtí 2019 (iarmhéid Státchiste). An Phríomh-Oifig Staidrimh: Ioncam agus Caiteachas Rialtais, Iúil 2020 (iarmhéid ginearálta rialtais).

Nóta: a Áirítear sna fáltais agus eisiúintí Príomh-Chiste a thaispeántar seirbhísiú fiachais náisiúnta ach ní áirítear iontu iasachtaíocht déanta ag GBCN thar ceann an Stáit agus aisíoc fiachais náisiúnta. Féach ar Iarscríbhinn 1C, Fíor 1C.1 áit a bhfuil anailís déanta ar fháltais agus eisiúintí Príomh-Chiste don tréimhse idir 2015 agus 2019.


1 Mar shampla, úsáidtear an t-iarmhéid ginearálta rialtais don mhonatóireacht fhioscach a dhéantar faoi Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis an Aontais Eorpaigh. Is éard atá sa Chomhaontú sraith na rialacha a mbítear ag súil leis go gcloífidh ballstáit an Aontais Eorpaigh leo agus a gcúrsaí airgeadais phoiblí á mbainistiú acu.

2 Ar dtús tuairiscíodh go raibh an barrachas ginearálta rialtais le haghaidh 2018 cothrom le €46 milliún. Tá an barrachas ginearálta athbhreithnithe rialtais le haghaidh 2018, mar a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i mí Iúil 2020, cothrom le €445 milliún.

## Fáltais agus eisiúintí Príomh-Chiste

**1.9** Fuarthas €64.4 billiún ar fad d'fháltais sa Phríomh-Chiste in 2019, agus is cánacha a bhí i gceist leis an gcuid is mó de sin (92%) (féach ar Fhíor 1.2).[1] €63.8 billiún san iomlán a bhí i gceist leis na heisiúintí in 2019, ar áiríodh iontu eisiúintí le haghaidh seirbhísí vótáilte (85%), seirbhísiú fiachais náisiúnta (8%), ranníocaíochtaí leis an AE (4%) agus caiteachas neamhvótáilte eile (3%).

**Fíor 1.2 Fáltais agus eisiúintí Príomh-Chiste in 2019**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2019

### *Fáltais Chánach agus Státchiste eile*

**1.10** In 2019, mhéadaigh na fáltais iomlána sa Phríomh-Chiste €4.1 billiún, agus bhain beagnach €3.8 billiún de sin le méaduithe ar ioncam cánach.

#### *Fáltais chánach*


**1.11** In 2019, mhéadaigh an cháin agus ÁSPC[2] bailithe €4.8 billiún (7%) agus bhí méadú le tabhairt faoi deara ar fháltais i mbeagnach gach ceannteideal cánach (féach ar Fhíor 1.3).

- Tháinig méadú beagnach €1.7 billiún (8%) ar fháltais Chánach Ioncaim, mar gheall go príomha ar mhéadú ar líon na ndaoine i mbun fostaíochta agus méadú ar mheántuilleamh gach fostaí. Mhéadaigh fáltais ÁSPC (bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus íoctha isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh) €1.1 billiún mar gheall ar fhachtóirí mórán mar an gcéanna.
- Mhéadaigh fáltais CBL €883 milliún (6%), mar thoradh ar mhéaduithe ar mhiondíolacháin agus easpórtálacha chuig tíortha neamh-AE.
- Baineann méadú €523 milliún (10%) i ndleachtanna Máil go príomha le haisghabháil fáltas dleacht tobac ó leibhéal 2018 a raibh tionchar ag tabhairt isteach na rialacha maidir le pacáistíocht phléineáilte orthu.
- Tugadh fás bliain ar bhliain faoi deara i ndáil le fáltais Chánach Corparáidí go dtí beagán le cois €500 milliún (5%), agus fachtóir suntasach ba ea íocaíochtaí níos airde ó chuideachtaí móra.

1 Tá anailís ar fháltais agus eisiúintí Príomh-Chiste (gan iasachtaí GBCN a chur san áireamh) don tréimhse idir 2015 agus 2019 sonraithe in Iarscríbhinn 1C, Fíor 1C.1.

2 Íoctar fáltais ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

**Fíor 1.3 Ioncam cánach agus fáltais ÁSPC, 2011 go dtí 2019**




Foinse: Cuntais Airgeadais. Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil. Cuntais an Chiste Árachais Shóisialaigh.

Nótaí: a Áirítear san ioncam cánach a thaispeántar fáltais mhótarchánach a íocadh isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil sa tréimhse idir 2011 agus 2017. Ó 2018, tá mótarcháin á híoc isteach sa Phríomh-Chiste.


b Bhí Cáin Mhaoine Áitiúil á híoc isteach sa Phríomh-Chiste suas go dtí 2017. Ó shin, tá Cáin Mhaoine Áitiúil á híoc isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

## *Mótarcháin*

**1.12** In 2019 bhí fáltais mhótarchánach de €962 milliún laghdaithe beagnach €15 milliún (1.5%) i gcomparáid le 2018. B'ionann é seo agus leanúint le treocht na bhfáltas laghdaitheach i ndáil le hathruithe ar na réimis mheasúnachta le haghaidh na mótarchánach ar fheithiclí príobháideacha agus ar fheithiclí tráchtála.[1]

**1.13** Bhí fáltais a bhain le feithiclí príobháideacha, a bhí cothrom le 82% de na fáltais mhótarchánach ar fad, cothrom le €787 milliún in 2019 (laghdaithe ó €22 milliún in 2018). Tá treocht na bhfáltas laghdaitheach maidir le feithiclí príobháideacha ag teacht leis na réamh-mheastacháin a cuireadh i láthair i dtuarascáil a cuireadh i dtoll a chéile in 2016 maidir le bailiú mótarchánach a thuar go mbeadh an t-ioncam ón gcáin ag titim de réir mar atá feithiclí níos nuaí agus níos éifeachtaí in úsáid in ionad feithiclí níos sine (féach ar Fhíor 1.4).[2]

**Fíor 1.4 Fáltais bhliantúla mhótarchánach[a] ar fheithiclí príobháideacha, 2015 go dtí 2019, agus réamh-mheasta go dtí 2024**




Foinsí: An Roinn Airgeadais. Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Aithnítear fáltais iarbhíre chánach ar bhonn airgid faighte sa bhliain agus d'fhéadfaí go n-áireofaí ann riaráistí a bhaineann le blianta roimhe sin.

1 Déantar feithiclí príobháideacha a cláraíodh roimh Iúil 2008 a mheasúnú bunaithe ar mhéid innill ach déantar feithiclí a cláraíodh i ndiaidh Iúil 2008 a mheasúnú bunaithe ar astuithe. Ó 2016, bunaíodh bandaí cánach nua le haghaidh feithiclí earraí troma atá níos troime ná 4,000 cileagram — bhí an ráta cánach nua is airde de €900 i bhfad níos ísle ná an t-uasráta (€5,195) faoin struchtúr roimhe.

2 An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Tuarascáil Speisialta 97 *Riaradh agus Bailiú Mótarchánach*, Nollaig 2016.

### *Fáltais Státchiste eile*

**1.14** Bhí fáltais reatha neamhchánach cothrom le €3.3 billiún in 2019, suas €443 milliún (15%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Baineann an méadú seo go príomha

- le méadú €287 milliún ar ioncam barrachais an Bhainc Ceannais a bhain leis an mbrabús ar dhiúscairt na nótaí ráta comhlúthaigh[1]
- bhain méadú €123 milliún i bhfáltais a bhailigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le hollsciar fáltas ceantála na hÉireann le haghaidh liúntas faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an AE.[2]

**1.15** Bhí na fáltais chaipitil, a bhí cothrom le díreach faoi €1.8 billiún in 2019, réasúnta cobhsaí. Laistigh den mhéid seo, bhí íocaíochtaí chuig an Státchiste ón gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (IBRC) cothrom le €682 milliún. Eascraíonn íocaíochtaí ó éilimh a rinne an Roinn Airgeadais le haghaidh méideanna dlite di ag dáta leachtaithe *IBRC* in 2013. Cinneann leachtóirí speisialta *IBRC* uainiú na n-íocaíochtaí, ag brath ar an airgead tirim atá ar fáil dóibh.

### *Eisiúintí Príomh-Chiste*

**1.16** In 2019 bhí eisiúintí ón bPríomh-Chiste cothrom le €63.8 billiún (2018: €60.2 billiún).

- Mhéadaigh eisiúintí le haghaidh seirbhísí vótáilte €3.7 billiún. In 2019 tugadh méaduithe móra faoi deara in eisiúintí chuig an Roinn Sláinte (suas €1.5 billiún), an Roinn Oideachais agus Scileanna (suas €0.6 bhilliún) agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (suas €0.6 bhilliún).
- Bhain íocaíochtaí de €5.2 billiún le seirbhísiú iasachtaíochta a rinne GBCN a bhí 12.5% níos ísle bliain ar bhliain ná mar a bhí in 2018, fianaise ar laghduithe ar chostas na hiasachtaíochta agus aibíocht roinnt bannaí cúpóin arda (Féach ar Fhíor 1.7).
- In 2019 bhí ranníocaíocht bhliantúil na hÉireann do bhuiséad an AE de €2.4 billiún 3.5% níos ísle ná an bhliain roimhe sin. Is iad íocaíochtaí a bhaineann le hollioncam náisiúnta (OIN) an phríomhchuid de ranníocaíocht na hÉireann a bhí cothrom le €1.85 billiún in 2019 (2018: €1.98 billiún). Bhain an ranníocaíocht laghdaithe in 2019 go príomha le haisíocaíocht de bheagnach €146 milliún a bheith á fháil ag Éire mar chuid de phróiseas comhardaithe bhliantúil íocaíochta an Choimisiúin i Meitheamh 2019.[3]
- Rinneadh ranníocaíocht chaipitil de €758 milliún le hUisce Éireann in 2019 chun teacht in ionad an fhiachais tráchtála reatha a bhain leis an earnáil intíre. Bhí gníomh ranníocaíochta caipitil a shínigh an tAire Airgeadais ar an 6 Nollaig 2019 mar bhonn leis seo.

## Sócmhainní Státchiste

### *Sócmhainní airgid tirim agus airgeadais*


**1.17** Ag deireadh 2019 bhí luach na sócmhainní airgid agus airgeadais eile a bhí i seilbh an Státchiste cothrom le €18.5 billiún (féach ar Fhíor 1.5). Is fianaise é an méadú de €943 milliún (5%) bliain ar bhliain ar na tionchair atá ag an mbarrachas Státchiste de €647 milliún agus ag an nglan-iasachtaíocht de €297 milliún sa bhliain. Féach ar Iarscríbhinn 1C, Fíor 1C.2.

1 De bhrí nach bhfuil aon mhargadh oscailte le haghaidh nótaí na rátaí comhlúthacha seo, déanann GBCN a luach a mheas bunaithe ar choinníollacha reatha an mhargaidh.

2 Níor postáladh fáltais dheireanacha de bheagnach €85 milliún a bhain le 2018 go dtí 2019.

3 Is ann don phróiseas comhardaithe bhliantúil chun ballstáit a aisíoc nó a mhuirearú sa chás go mbíonn a n-aschur iarbhír OIN nó CBL difriúil ó na réamhaisnéisí ar ar bunaíodh ríomh a ranníocaíochta bliantúla ar dtús.

**Fíor 1.5 Sócmhainní airgid tirim agus sócmhainní airgeadais eile atá i seilbh an Státchiste, 2009 go dtí 2019**




Foinse: Cuntais Airgeadais, 2009 go dtí 2019

**1.18** Ag an 31 Nollaig 2019, áiríodh i sócmhainní airgid tirim agus airgeadais Státchiste €1.91 billiún de nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe agus €25 milliún de nótaí ráthaithe Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (*SBCI*). Ní gá go mbeadh na sócmhainní seo inréadaithe go héasca ag brath ar choinníollacha margaidh.

### *Iasachtaí agus airleacain eisithe ag an Státchiste*

**1.19** Seachas nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe agus *SBCI*, bhí iasachtaí agus airleacain de €1.8 billiún san iomlán a soláthraíodh ón bPríomh-Chiste gan íoc ag deireadh 2019 — laghdú €120 milliún i gcomparáid le 2018. Tá na gluaiseachtaí agus na hiarmhéideanna a bhí gan íoc do na mórchatagóirí iasachtaí agus airleacan ag deireadh gach bliana ó 2015 léirithe in Iarscríbhinn 1C Fíor 1C.3.

**1.20** I dteannta na n-iasachtaí agus na n-airleacan seo, tá an Príomh-Chiste i dteideal aisíocaíocht a fháil ar iarmhéideanna beaga gan íoc i gCiste Réitigh na bhForas Creidmheasa[1] agus i gCiste na gComhar Creidmheasa.[2]

## Dliteanais Státchiste

**1.21** Tá mionsonraí faoi dhliteanais Státchiste i gcuid a dó de na Cuntais Airgeadais. Ina theannta sin, foilsíonn an Roinn Airgeadais tuarascáil bhliantúil maidir le fiachas poiblí in Éirinn.

### *Ollfhiachas náisiúnta*


**1.22** Ag deireadh 2019 bhí ollfhiachas náisiúnta na hÉireann cothrom le €206.7 billiún, fianaise ar mhéadú de €1.5 billiún ó 2018 (féach ar Fhíor 1.6 (thall)).

1 Chuir an tAire Airgeadais €250 milliún leis an gciste réitigh i mí na Nollag 2011. Bhí na costais réitigh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus cuireadh €240 milliún ar ais sa Phríomh-Chiste i mí na Samhna 2018. Déanfar an iarmhéid €10 milliún a aisíoc le himeacht ama.

2 I mí na Nollag 2012, chuir an tAire Airgeadais réamhíocaíocht €250 milliún ar fáil chun maoiniú a chur ar fáil chun cabhrú le hathstruchtúrú earnáil na gcomhar creidmheasa. I mí na Samhna 2018, tugadh €238 milliún ar ais don Státchiste. Ag deireadh 2019, bhí €486,000 den réamhíocaíocht bhunaidh ar fáil le tabhairt ar ais don Státchiste am éigin amach anseo.

**1.23** Ag deireadh 2019, fiachas meántéarmach agus fadtéarmach a bhí i gceist le 85% (€175.9 billiún) den ollfhiachas náisiúnta. Cuimsíodh ann go príomha iasachtaí i bhfoirm bannaí rialtais (€130.1 billiún), agus iasachtaí a fuarthas faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta d'Éirinn (€43.3 billiún).

**Fíor 1.6 Ollfhiachas náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, deireadh 2011 go dtí deireadh 2019**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Tá formhór na n-iasachtaíochtaí faoi Chiste Bhanc Taisce an Phoist (CBTAP) ionchorpraithe san fhiachas náisiúnta tríd an rud ar a dtugtar airleacain 'bealaí agus modhanna' nó iasachtaíocht ó chistí aireachta.


**1.24** Mhéadaigh an fiachas atá ag eascairt ó na scéimeanna coigiltis Stáit éagsúla 2.7% agus bhí sé cothrom le €17.8 billiún ag deireadh 2019. Ina theannta sin, bhí iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist cothrom le €2.14 billiún.[1]

**1.25** Bhí an fiachas gearrthéarmach cothrom le €10.9 billiún den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2019, méadú 57% ó dheireadh 2018.[2] Áiríodh san iasachtaíocht ag deireadh 2019 fiachas 'páipéar gearrthéarmach' de €10 billiún agus €878 milliún i gcistí barrachais aistrithe ó bharrachas airgid chaiteachais phoiblí ag deireadh na bliana.[3]

### *Costais seirbhísithe fiachais*

**1.26** Bhí costas sheirbhísiú an fhiachais do 2019 cothrom le €5.2 billiún, laghdú 12.5% ó 2018. (féach ar Fhíor 1.7). Cuimsíonn sé seo ús a íocadh ar an ollfhiachas náisiúnta de bheagán faoi bhun €5 billiún, ús a íocadh ar airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile de €76 milliún, agus táillí agus costais oibriúcháin de €172 milliún.

**Fíor 1.7 Costais seirbhísithe fiachais, 2011 go dtí 2019 (bonn airgid)**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

1 Sna Cuntais Airgeadais, déantar cur síos air seo mar iasachtaí gearrthéarmacha an Státchiste, arna dtarraingt anuas mar chuid de 'bhealaí agus modhanna' chun riachtanais an Státchiste a mhaoiniú ó roinnt cistí atá á rialú ag an Aire Airgeadais.

2 Tá aibíocht bhunaidh níos lú ná aon bhliain amháin ag fiachas gearrthéarmach. Is féidir na fáltais a úsáid chun an Státchiste a mhaoiniú mar mhaoiniú idirlinne chun fiachas níos fadtéarmaí a athsholáthar, nó chun críocha bainistíochta leachtachta eile.

3 Taifeadtar na hiasachtaí agus na haisíocaíochtaí a bhaineann le cistí barrachais a choinnítear i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta i gcuntas bharrachas airgid an chaiteachais phoiblí.

**Fíor 1.8 Meánchostas ualaithe an ollfhiachais náisiúnta, 2011 go dtí 2019**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


**1.27** Lean meánchostas iasachtaíochta an Stáit ag laghdú in 2019. Ag deireadh na bliana, measadh go raibh an meánchostas ualaithe a bhaineann leis an ollfhiachas náisiúnta a sheirbhísiú cothrom le 2.24% (deireadh-2018: 2.6%) (féach ar Fhíor 1.8).

### *Sprioc ginearálta fiachais an rialtais*

**1.28** Is slat tomhais níos cuimsithí ar fhéichiúnas ginearálta Stáit ná fiachas náisiúnta é fiachas ginearálta rialtais agus is ionann é agus an slat tomhais chaighdeánaithe a bhfuil sé de cheangal ar gach tír den AE a thuairisciú faoi Chonradh Maastricht.[1]

**1.29** De réir rialacha fioscacha na hEorpa, níor cheart go rachadh fiachas ginearálta rialtais na mballstát thar 60% den Olltáirgeacht Intíre (OTI), nó má tá céatadán níos mó ná sin i gceist, ba cheart go mbeadh laghdú seasta i dtreo na sprice 60% le tabhairt faoi deara. Bhí cóimheas fiachais ginearálta rialtais na hÉireann cothrom le 59% ag deireadh 2019 (féach ar Fhíor 1.9). Tá sé sonraithe ag an Roinn Airgeadais go mb'fhéidir nach gá go mbeadh an tairseach 60% barrmhaith i gcás na hÉireann, ag féachaint don díchumadh a bhaineann le OTI na hÉireann. In 2017, ghlac an Rialtas le sprioc fiachais 55% de OTI don mheántéarma, agus tá sprioc de 45% le cur i gcrích faoi 2025.

**Fíor 1.9 Cóimheas fiachais le OTI na hÉireann, 2011 go dtí 2019**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

1 Ciallaíonn fiachas ginearálta rialtais dliteanais fiachais an rialtais láir, an rialtais áitiúil, agus cistí rialtais, seachas fiachas atá dlite ag earnáil rialtais amháin go hearnáil rialtais eile.

### *Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí*

**1.30** Is socrú é seo idir údarás poiblí agus comhpháirtí príobháideach atá deartha chun sócmhainní bonneagair phoiblí agus/nó seirbhísí faoi chonarthaí fadtéarmacha a sholáthar agus a sheachadadh. Bíonn an tsócmhainn á maoiniú agus á tógáil ag an gcomhpháirtí príobháideach, agus ansin cuirtear an tsócmhainn ar fáil le haghaidh úsáid phoiblí agus íocann an Stát as agus/nó úsáideoirí (trí mhuirir úsáideora) thar thréimhse fhada (20 – 25 bliain de ghnáth), agus ansin glactar leis go mbíonn an tsócmhainn faoi úinéireacht an Stáit ina dhiaidh.

**1.31** Glactar leis gurb ionann CPPanna agus meicníocht maoinithe 'lasmuigh den chlár comhardaithe' ó thaobh dearcadh ginearálta rialtais de, de bhrí go hiondúil nach n-áirítear dliteanais chun íocaíochtaí a dhéanamh amach anseo faoi chonarthaí CPP i ríomh an fhiachais ghinearálta rialtais.

**1.32** Tá CPPanna in úsáid in Éirinn ó 1999. Ar dtús, bhí siad le tabhairt faoi deara sna hearnálacha iompair agus oideachais go príomha, ach le blianta beaga anuas tá a n-úsáid leathnaithe agus tá tionscadail mhóra bhonneagair sna hearnálacha sláinte, dlí agus cirt agus tithíochta á gcur san áireamh. In 2019, úsáideadh an tsamhail CPP chun tithíocht shóisialta a sholáthar den chéad uair in Éirinn nuair a síníodh dhá chonradh chun thart ar 1,000 teach a thógáil, agus bhí na ceangaltais a bhain le híocaíocht amach anseo cothrom le díreach faoi €600 milliún. Tá forbairt mhór amháin eile de thithíocht shóisialta CPP, ina bhfuil beagnach 450 teach nua, á pleanáil i láthair na huaire.

**Fíor 1.10 Achoimre ar íocaíochtaí agus oibleagáidí CPP ag deireadh 2019**


| Roinn/ Gníomhaireacht | Íocaíochtaí aonadacha CPP go dtí deireadh-2019[a] | Íocaíochtaí aonadacha eile CPP go dtí deireadh-2019[b] | Íocaíochtaí aonadacha réamh-mheasta CPP amach anseo | Costas iomlán réamh-mheasta gach íocaíocht[c] |
|---|---:|---:|---:|---:|
| | €m | €m | €m | €m |
| Tithíocht | — | 33 | 598 | 631 |
| Cúirteanna | 239 | 51 | 715 | 1,005 |
| Sláinte | 22 | 36 | 384 | 441 |
| Oideachas | 761 | 80 | 1,917 | 2,758 |
| Iompar | 1,973 | 332 | 3,089 | 5,394 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 349 | 26 | 392 | 767 |
| **Iomlán[d]** | **3,344** | **558** | **7,095** | **10,996** |

Foinse: Rianaire CPP na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baineann aon difríochtaí is cosúil a bheith sna figiúirí iomlána le slánú.

Nótaí:
a Na híocaíochtaí carnacha tógála agus oibriúcháin ar scéimeanna lamháltais agus íocaíochtaí infhaighteachta ar scéimeanna CPP. Tá CBL san áireamh sna figiúirí ar fad.
b Áirítear sa chatagóir seo íocaíochtaí caiteachais chaipitil a bhaineann le tionscadal CPP ach nach n-áirítear i gcatagóir na n-íocaíochtaí aonadacha e.g. fáil talún, oibreacha cumasúcháin, cnap-aisíocaíochtaí CBL agus éagsúlachtaí údaráis choimircíochta.
c Léirítear sa chostas iomlán réamh-mheasta íocaíochtaí go dáta móide na dliteanais ainmniúla amach anseo i ndáil leis na tionscadail. Ríomhtar íocaíochtaí ceangailte ainmniúla réamh-mheasta amach anseo bunaithe ar bhoilsciú bliantúil gafa de 2% sa bhliain amach anseo.
d Tá figiúirí costais agus ceangaltais iomlána CPP amach anseo faoi réir athraithe.

**1.33** Tá scarbhileog ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar a léirítear ceangaltais amach anseo faoi thionscadail CPP. Ag deireadh 2019, bhí 27 scéim CPP ag feidhmiú go hiomlán agus bhí trí scéim bhreise eile ag céimeanna éagsúla forbartha. Tá sonraí maidir leis na híocaíochtaí agus oibleagáidí gaolmhara leagtha amach i bhFíor 1.10 ina léirítear, ag deireadh 2019, go raibh ceangaltais amach anseo faoi CPP cothrom le beagnach €7.1 billiún. Léirítear sna ceangaltais réamh-mheasta, go héifeachtach, dliteanas an Státchiste le híocaíochtaí a dhéanamh amach anseo agus cuimsítear iontu suim gach íocaíocht aonadach amach anseo.

**Fíor 1.11 Íocaíochtaí aonadacha CPP réamh-mheasta, 2020 go dtí 2052**[a]




Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Nóta: a Tá íocaíochtaí agus ceangaltais iomlán CPP amach anseo faoi réir athraithe.

**1.34** In 2019 bhí an caiteachas ar íocaíochtaí aonadacha CPP cothrom le €252 milliún. Tá próifíl na n-íocaíochtaí aonadacha réamh-mheasta faoi chonarthaí a bhí i bhfeidhm ag deireadh 2019 le fáil ag Fíor 1.11.[1] Tá an Státchiste tiomanta d'íocaíochtaí a dhéanamh atá cothrom le thart ar €300 milliún sa bhliain go dtí 2034, tráth a gcuirfear stop de réir a chéile le híocaíochtaí, de bhrí, tríd is tríd, go mbeidh gach conradh CPP níos sine curtha i gcrích.

1 Níl sonraí a bhaineann le cuacha tithíochta sóisialta san áireamh. Níl sonraí ar fáil tráth an fhoilsithe.

**1.35** D'fhéadfadh na ceangaltais réamh-mheasta amach anseo ardú, de réir mar a ghlactar páirt i dtuilleadh conarthaí le comhpháirtithe CPP.

## Iarscríbhinn 1A Staitisticí airgeadais rialtais na Príomh-Oifige Staidrimh

Ceanglaíonn údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh, *Eurostat*, ar gach ballstát raon staitisticí airgeadais a tháirgeadh a chomhlíonann sainmhínithe agus caighdeáin shonraithe.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (*CSO*) freagrach as staitisticí airgeadais rialtas na hÉireann a thuairisciú go hoifigiúil.

Cuimsíonn aschuir airgeadais rialtais *CSO* agus staitisticí ginearálta rialtais na príomhráitis seo a leanas

- Tábla 1 — idirbhearta ginearálta rialtais: ioncam, caiteachas, maoiniú agus easnamh
- Tábla 2 — rialtas ginearálta: glanfhiúchas, ollfhiachas agus glanfhiachas
- Tábla 3 — rialtas ginearálta: rangú mionsonraithe ioncaim agus aschuir
- Tábla 4 — rialtas ginearálta: rangú mionsonraithe caiteachais agus tomhaltais
- Tábla 5 — idirbhearta airgeadais ginearálta rialtais
- Tábla 6 — glanfhiúchas chláir chomhardaithe ghinearálta rialtais ag luach margaidh seachas dliteanais phinsin
- Tábla 7 — ollfhiachas agus glanfhiachas ginearálta rialtais.

Chun críche staitisticí airgeadais ghinearálta rialtais a thiomsú, cuimsítear san earnáil ghinearálta rialtais an rialtas láir agus an rialtas áitiúil araon, chomh maith le comhlachtaí neamhthráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus cistí buiséadacha breise, na comhlachtaí tithíochta faofa móra agus ospidéil dheonacha.

Tá liosta iomlán na n-eintiteas atá san áireamh foilsithe ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh.

## Iarscríbhinn 1B Foilseacháin fhioscacha

### Fíor 1B.1 Forléargas ar na príomhfhoilseacháin fhioscacha a eisítear gach bliain

| Comhlacht Eisiúna | Tuarascáil | Minicíocht | Ábhar |
|---|---|---|---|
| **An Roinn Airgeadais** | Monatóir fioscach | Míosúil | Soláthraíonn sé tráchtaireacht maidir le hioncam agus caiteachas sealadach Státchiste don mhí ábhartha agus léirítear an seasamh carnach don bhliain go dáta.<br>Cuirtear figiúirí toraidh bliain-go-dáta i gcomparáid leis an bpróifíl réamh-mheasta. |
| **An Roinn Airgeadais** | Sonraí fioscacha | Míosúil | Soláthraíonn sé meastacháin maidir le hioncam agus caiteachas gach earnáil den rialtas ginearálta ar bhonn míosúil.[a]<br>Is é an aidhm atá ann sonraí tráthúla a sholáthar maidir le tionchar gach fo-earnáil (i.e. rialtas láir agus rialtas áitiúil) ar an seasamh ginearálta rialtais trí chéile. |
| **An Roinn Airgeadais** | Tuarascáil bhliantúil ar fhiachas poiblí | Bliantúil | Soláthraíonn sé anailís leathan ar athruithe san fhiachas poiblí in Éirinn, mar aon le hanailís ar chomhdhéanamh, úinéireacht agus próifíl aibíochta fhiachas na hÉireann.<br>Chomh maith leis sin, soláthraítear forléargas ar shócmhainní agus dliteanais rialtais. |
| **An Roinn Airgeadais** | Nuashonrú maidir le dliteanais theagmh-asacha | Bliantúil | Soláthraíonn sé sonraí maidir le dliteanais theagmhasacha rialtais a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar bhuiséid phoiblí. |
| **An Roinn Airgeadais** | Cuntais airgeadais | Bliantúil | Ráitis airgeadais iniúchta an Státchiste, ina n-áirítear anailís agus rangú íocaíochtaí isteach agus amach as an bPríomh-Chiste mar aon le sonraí maidir leis an bhfiachas náisiúnta. |
| ***CSO*** | Staitisticí ginearálta rialtais | Débhliantúil | Soláthraíonn sé faisnéis staitistiúil maidir le hidirbhearta airgeadais agus neamhairgeadais de chuid earnáil an rialtais (Féach ar Iarscríbhinn 1A). |
| **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe** | Sonraí tionscadail CPP | Bliantúil | Soláthraítear sa nuashonrú achomair ar CPPanna faisnéis tháscach maidir le tionscadail CPP go ginearálta, bunaithe ar fhaisnéis atá curtha ar fáil ag ranna agus gníomhaireachtaí. |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tá roinnt de na sonraí sealadach agus bunaithe ar na meastacháin is fearr ag dáta a bhfoilsithe. Más gá, déantar figiúirí a nuashonrú sna míonna ina dhiaidh sin de réir mar a bhíonn fáil ar shonraí níos fearr.

## Iarscríbhinn 1C Táblaí sonraí

### Fíor 1C.1 Comhdhéanamh fháltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste, 2015 go dtí 2019[a]

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Fáltais** | | | | | |
| ***Fáltais reatha*** | | | | | |
| Ioncam cánach | 45,601 | 47,864 | 50,737 | 55,557 | 59,313 |
| Aistriú ó Chiste Rialtais Áitiúil | 481 | 318 | 230 | — | — |
| Barrachas ioncaim an Bhainc Ceannais[b] | 1,719 | 1,800 | 1,836 | 2,108 | 2,396 |
| Barrachas ioncaim an Chrannchur Náisiúnta | 193 | 219 | 227 | 225 | 250 |
| Díbhinní ó chomhlachtaí Stáit | 551 | 269 | 324 | 261 | 262 |
| Ioncaim reatha eile | 572 | 498 | 248 | 311 | 440 |
| ***Fáltais chaipitil*** | | | | | |
| Iasachtaí/airleacain aisíoctha[c] | 5,348 | 2,143 | 1,021 | 933 | 1,055 |
| Fáltais ó bhearta cobhsaíochta na hearnála airgeadais | 3,682 | 1,871 | 3,723 | 341 | 682 |
| Fáltais chaipitil eisceachtúla[d] | 335 | — | — | — | — |
| Fáltais chaipitil eile | 106 | 75 | 30 | 572 | 31 |
| **Fáltais iomlána** | **58,588** | **55,057** | **58,376** | **60,308** | **64,429** |
| **Eisiúintí** | | | | | |
| Eisiúintí le haghaidh caiteachas vótáilte | 42,863 | 43,986 | 46,291 | 50,445 | 54,146 |
| Seirbhísiú fiachais náisiúnta | 7,107 | 6,845 | 6,227 | 5,967 | 5,220 |
| Ranníocaíocht le buiséad an AE | 1,952 | 2,023 | 2,016 | 2,519 | 2,432 |
| Coimisiún an Oireachtais | 106 | 114 | 110 | 131 | 126 |
| Iasachtaí/airleacain[c] | 5,111 | 2,320 | 963 | 975 | 935 |
| Bearta cobhsaíochta na hearnála airgeadais | 30 | 4 | — | — | — |
| Uisce Éireann (scaireanna, ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí) | 96 | 184 | 270 | — | 758 |
| Aistriú chuig Ciste Rialtais Áitiúil[e] | 461 | 463 | 480 | 12 | — |
| Ranníocaíocht le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | 335 | — | — | — | — |
| Íocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe a aisíoc | 427 | — | — | — | — |
| Íocaíochtaí eile | 164 | 136 | 113 | 160 | 165 |
| **Eisiúintí iomlána** | **58,652** | **56,075** | **56,470** | **60,209** | **63,782** |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | **(64)** | **(1,018)** | **1,906** | **99** | **647** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2015 go dtí 2019

Nótaí:

a Déantar idirbhearta a bhaineann le cuntas an Phríomh-Chiste agus leis an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla a chomhdhlúthú. Is í GBCN a dhéanann cothabháil ar an gcuntas deiridh sin chun an fiachas náisiúnta agus idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta a sheirbhísiú.

b Is éard atá sa mhéid a fhaightear sa Phríomh-Chiste gach bliain, an t-ioncam barrachais don bhliain airgeadais roimhe sin go príomha, de réir ráitis airgeadais iniúchta Bhanc Ceannais na hÉireann.

c Féach ar Iarscríbhinn 1C, Fíor 1C.3 le haghaidh tuilleadh sonraí.

d Tá fáltais chaipitil eisceachtúla neamh-athfhillteach. Baineann figiúr 2015 le fáltais diúscartha scairchaipitil Aer Lingus.

e Bainteach le feidhmiú fháltais na Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ), a cuireadh san áireamh in ioncam cánach roimh 2018. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, déanann na Coimisinéirí Ioncaim fáltais CMÁ a íoc go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil, seachas go neamhdhíreach tríd an bPríomh-Chiste.

**Fíor 1C.2 Gluaiseachtaí in iarmhéideanna sócmhainní airgid tirim agus airgeadais Státchiste, 2015 go dtí 2019**

| Gluaiseacht sa bhliain | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir** | **14,759** | **13,554** | **11,119** | **13,217** | **17,593** |
| Glan-iasachtú Státchiste (aisíocaíocht) sa bhliain | (1,141) | (1,417) | 193 | 4,276 | 297 |
| Barrachas/(easnamh) Státchiste | (64) | (1,018) | 1,906 | 99 | 647 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **13,554** | **11,119** | **13,217** | **17,593** | **18,536** |

| Comhdhéanamh sócmhainní airgid tirim agus airgeadais ag an 31 Nollaig | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Cuntas Státchiste[a] | 7,964 | 8,385 | 10,533 | 15,338 | 16,502 |
| Taiscí bainc thráchtála | 1,779 | 199 | — | — | — |
| Billí státchiste neamh-Éireannacha | 1,184 | — | — | — | — |
| Nótaí ráthaithe meántéarmacha *SBCI*[b] | — | 85 | 85 | 85 | 25 |
| Nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe | 2,424 | 2,032 | 1,742 | 1,558 | 1,913 |
| Maoiniú comhthaobhachta | 203 | 418 | 857 | 612 | 96 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **13,554** | **11,119** | **13,217** | **17,593** | **18,536** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2015 go dtí 2019. Baineann aon difríochtaí is cosúil a bheith sna figiúirí iomlána le slánú.

Nótaí:
a Lena n-áirítear iarmhéid de €250,000 atá á choinneáil sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (*CSRA*) (2018: €310,000).

b Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (*SBCI*) faoi Acht Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann 2014. Is é an aidhm atá ag *SBCI* a chinntiú go bhfuil rochtain ag fiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha ar mhaoiniú solúbtha trí tháirgí maoinithe ísealchostais agus solúbtha a sholáthar. Is faoi úinéireacht an Aire Airgeadais atá scairchaipiteal eisithe *SBCI*.

**Fíor 1C.3 Iasachtaí agus airleacain, 2015 go dtí 2019**

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| **An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 677 | 599 | 770 | 740 | 725 |
| Aisíocaíochtaí | (677) | (599) | (770) | (740) | (725) |
| Iasachtaí eisithe | 599 | 770 | 740 | 725 | 750 |
| **Iarmhéid deiridh** | **599** | **770** | **740** | **725** | **750** |
| **Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | — | — | — | — | — |
| Aisíocaíochtaí | (4,365) | (1,370) | — | — | — |
| Airleacain | 4,365 | 1,370 | — | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** |
| **Ciste Cúitimh Árachais** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 833 | 812 | 706 | 636 | 636 |
| Aisíocaíochtaí | (100) | (106) | (70) | — | (80) |
| Iasachtaí eisithe | 79 | — | — | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **812** | **706** | **636** | **636** | **556** |
| **Tacaíocht cobhsaíochta AE don Ghréig** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh[a] | **346** | **347** | **347** | **347** | **347** |
| **Iarmhéid deiridh** | **346** | **347** | **347** | **347** | **347** |
| **Iasachtaí agus airleacain eile** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 273 | 177 | 194 | 236 | 293 |
| Comhshó aisíocaíochtaí/iasachtaí[b] | (260) | (164) | (181) | (193) | (250) |
| Iasachtaí eisithe | 164 | 180 | 225 | 250 | 185 |
| **Iarmhéid deiridh** | **177** | **194** | **236** | **293** | **228** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2015 go dtí 2019. Baineann aon difríochtaí is cosúil a bheith sna figiúirí iomlána le slánú.

Nótaí:

a Bhí an glanmhéid eisithe in 2010 cothrom le €346 milliún. Athshonraíodh iarmhéid na n-iasachtaí in 2016 ag an méid iomlán a bhí gan íoc.

b In 2016, rinneadh iasacht de €96 milliún le hUisce Éireann a chomhshó chuig ranníocaíocht chaipitil. Ba idirbheart neamhairgid tirim é seo ach laghdaigh sé líon na n-iasachtaí a bhí gan íoc €96 milliún ag deireadh 2016 (atá san áireamh san fhigiúr €164 milliún atá ar taispeáint).